



Suí iomlánach

A9-0083/2021

29.3.2021

*****I**

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 maidir leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (COM(2019)0003 – C8-0025/2019 – 2019/0001B(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Jeroen Lenaers

Eochair do na siombailí

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

ÁBHAR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH	33
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACHL SA CHOISTE FREAGRACH.....	34

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 maidir leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (COM(2019)0003 – C8-0025/2019 – 2019/0001B(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2019)0003),
 - ag féachaint do chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 11 Feabhra 2021 á údarú don Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an togra thuasluaite ón gCoimisiún a dheighilt agus dhá thuarascáil reachtacha ar leithligh a tharraingt suas bunaithe ar an togra sin,
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus pointe (d) d’Airteagal 82(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Parlaimint na hEorpa (C8-0025/2019),
 - ag féachaint d’Airteagal 294 (3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0083/2021),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

RIALACHÁN (AE) 2021/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

l lena leasaítear *Rialacháin (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 maidir leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil*

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe *pointe (d)*
d'Airteagal 82(1) de,
Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,
l
Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach¹,

¹ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², bunaíodh an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil ('ETIAS') le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa a bheith ina seilbh acu nuair a thrasnaíonn siad na teorainneacha seachtracha. Leagadh síos ann na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú *faoin gcóras sin*.
- (2) Le ETIAS is féidir a mheas an mbeadh riosca slándála, riosca inimirce neamhdhlíthiúla nó ardriosca eipidéime ann de dheasca na náisiúnaigh tríú tír sin a bheith ar chríoch na mBallstát.

² Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) Uimh. 2016/399, (AE) Uimh. 2016/1624 agus (AE) Uimh. 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

- (3) Chun go bhféadfaidh *Lárchóras ETIAS* dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/1240 *na comhaid iarratais a phróiseáil*, is gá an idir-inoibritheacht *idir Córas Faisnéise ETIAS, córais faisnéise eile de chuid an Aontais agus sonraí de chuid Europol* dá dtagraítear sa Rialachán sin a bhunú.
- (4) Leagtar síos sa Rialachán seo an chaoi a bhfuiltear leis an idir-oibritheacht sin agus na coinníollacha a chur chun feidhme, lena mbeidh próiseas uathoibrithe ETIAS in ann sonraí a cheadú a stóráiltear i gcórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus faisnéis de chuid Europol chun amais a aithint. Dá thoradh sin, is gá leasú a dhéanamh ar Rialacháin (AE) 2019/816³ agus (AE) 2019/818⁴ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun Lárchóras ETIAS a nascadh le córais faisnéise eile an Aontais Eorpaigh agus le sonraí Europol agus chun na sonraí a chuirfear anonn agus anall idir na córais faisnéise sin de chuid an Aontais Eorpaigh agus sonraí de chuid Europol a shonrú.

³ Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).

⁴ Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

- (5) I gcomhréir le **■** Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240, nuair a ghlacfar athmhúnlú Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, glacfar na leasuithe iarmhartacha is gá freisin.

■

- (6) ***Mar gheall ar an Tairseach Chuardaigh Eorpach (ESP), arna bunú le Rialachán (AE) 2019/818, beifear in ann na sonraí arna stóráil in ETIAS a chur i gcomparáid leis na sonraí arna stóráil sna córas faisnéise eile den Aontas lena mbaineann trí bhíthin cuardaigh.***

- (7) Ba cheart módúlachtaí teicniúla a shainiú le go mbeidh ETIAS in ann a fhíorú, go rialta agus go huathoibríoch, an bhfuil na coinníollacha maidir leis na comhaid iarratais a choinneáil, a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240, á gcomhlíonadh fós.

■

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú ‘Eurodac’ chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1).

(8) I gcomhréir le Rialachán (AE) **2019/816** agus leis an rún a luaitear i Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240, ba cheart ETIAS a bheith in ann a fhíorú an bhfuil comhfhreagrais ann idir sonraí i gcomhaid iarratais ETIAS agus sonraí sa Chóras Faisnéise Eorpach um Thairfid Choiriúla – Náisiúnaigh Tríú Tír ('ECRIS-TCN') agus sonraí sa Stóras Coiteann Sonraí Céannachta ('CIR') i dtaca le cé acu Ballstáit a bhfuil faisnéis ina seilbh acu faoi chiontuithé náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát i gcion sceimhlitheoireachta ***le linn na 25 bliana roimhe sin, nó in aon chion coiriúil tromchúiseach eile le linn na 15 bliana roimhe sin, mar a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1240, i gcás ina bhfuil na cionta coiriúla sin inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála go ceann uastréimhse 3 bliana ar a laghad.***

- (9) *Déanann na Ballstáit sonraí faoi náisiúnaigh tríú tír agus faoi dhaoine gan stát a bhailiú agus a phróiseáil cheana chun críocha Rialachán ECRIS-TCN. Ní dhéantar leis an Rialachán seo aon oibleagáid a fhorchur ar na Ballstáit modhnú nó leathnú a dhéanamh ar sonraí faoi náisiúnaigh tríú tír agus faoi dhaoine gan stát a bhailítear cheana féin faoi Rialachán ECRIS-TCN. Chun críche cuardach a dhéanamh ag ETIAS, níor cheart ach bratach agus cód an Bhallstáit chiontaithigh a chur leis.*
- (10) Na coinníollacha, *lena n-áirítear cearta rochtana*, faoina bhféadfaidh Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS na sonraí a stóráiltear i gcórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh chun críoch ETIAS a cheadú, ba cheart iad a choimirciú le rialacha soiléire cruinne i dtaca leis an rochtain atá ag Láraonad ETIAS agus ag Aonaid Náisiúnta ETIAS ar na sonraí a stóráiltear i gcórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh, na cineálacha iarratas agus na catagóirí sonraí, agus ba cheart iad sin ar fad a theorannú don mhéid atá riachtanach, agus dó sin amháin, chun a gcuid dualgas a fheidhmiú. Ar an dul céanna, na sonraí a stóráiltear ar chomhad iarratais ETIAS, níor cheart iad a bheith le feiceáil ag na Ballstáit sin atá ag oibriú sna córais faisnéise a bhaineann leis i gcomhréir le modúlachtaí a rannpháirtíochta.

- (11) *Chun tacú le cuspóir ETIAS chun a mheas an mbeadh an t-iarratasóir ar údarú taistil ina bhgairt don bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí, ba cheart go mbeadh ETIAS in ann a fhíorú an bhfuil comhfhreagras ann idir sonraí sna comhaid iarratais ETIAS agus sonraí ECRIS-TCN in CIR maidir leis na Ballstáit ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithé i ndáil le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát i leith cion sceimhlitheoireachta nó aon chion coiriúil eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1240 atá inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála ar feadh uastréimhse 3 bliana ar a laghad.*
- (12) *Níor cheart talamh slán a dhéanamh de, i gcás ina bhfaightear amas i gcóras ECRIS-TCN, gur ciontaíodh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann sna Ballstáit a léirítear. Níor cheart ciontuithé arna ndéanamh roimhe sin a dheimhniú ach amháin ar bhonn faisnéis a gheofar as taifid choiriúla na mBallstát lena mbaineann.*

- (13) De réir **■** Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240, an ghníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála faisnéise sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais ('eu-LISA'), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, ba cheart céim dheartha agus céim forbartha Chóras Faisnéise ETIAS a bheith de chúram uirthi.
- (14) Ní dochar an Rialachán seo do Threoir 2004/38/CE ó **Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**⁷.
- (15) *I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.*

■

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

⁷ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhail a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

- (16) **█** Féadfaidh Éire fógra a thabhairt d’Uachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (17) *I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.*

█

- (18) Dá bhri sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 a leasú dá réir.
- (19) *Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.*
- (20) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 41(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (OJ L 295, 21.11.2018, p. 39).

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/816

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/816 mar a leanas ■ :

(1) in Airteagal 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(e) na coinníollacha faoina bhféadfaidh Láraonad ETIAS sonraí a áirítear i gcóras ECRIS-TCN a úsáid chun críche tacú le cuspóir ETIAS cur le hardleibhéal slándála trí fhoráil a dhéanamh maidir le measúnú críochnúil ar riosca slándála na n-iarratasóirí, sula dtiocfaidh siad chuig pointí trasnaithe teorann seachtraí, d’fhonn a chinneadh an bhfuil táscairí fíriciúla nó forais réasúnacha ann atá bunaithe ar tháscairí fíriciúla lena theacht ar an tatal go bhfuil riosca slándála ann de dheasca an duine sin a bheith ar chríoch na mBallstát.’;

■

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

‘Airteagal 2

Raon Feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le próiseáil faisnéise céannachta náisiúnach tríú tír a bhí faoi réir ciontuíthe sna Ballstáit chun críche *na Ballstáit* inar tugadh na ciontuíthe sin a shainnithint **■**. Cé is moite de phointe (ii) d’Airteagal 5(1)(b), i dtaca leis na forálacha den Rialachán seo a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh tríú tír, tá feidhm acu freisin maidir le saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil náisiúnaigh tríú tír acu freisin agus a bhí faoi réir ciontuíthe sna Ballstáit.

Sa Rialachán seo:

- (a) tacaítear le cuspóir VIS chun a mheas an mbeadh an t-iarratasóir ar víosa, ar víosa fadfhanachta nó ar chead cónaithe ina bhgairt don bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;*
- (b) tacaítear le cuspóir ETIAS cur le hardleibhéal slándála;*
- (c) cuidítear le ceartsainiú daoine, agus déantar an tsainiú sin a éascú, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**.*

** Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí i ndáil le víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir na Ballstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).*

*** Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idiroibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85)';*

(3) *in* Airteagal 3, ■ cuirtear an méid seo a leanas in ionad *phointe* 6:

‘(6) ciallaíonn ‘údaráis inniúla’ na húdaráis lárnacha, ■ Eurojust, Europol, *agus OIPE, údaráis ainmnithe VIS dá dtagraítear in Airteagal 9ca agus Airteagal 22b(11) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, agus* Láraonad ETIAS arna bhunú *i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, atá inniúil chun ■ ECRIS-TCN ■ a rochtain nó a chuardach i gcomhréir leis an Rialachán seo;

* *Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) Uimh. 2016/399, (AE) Uimh. 2016/1624 agus (AE) Uimh. 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).*

■

(4) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) *i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhleisce de phointe (a)(iii):*

‘– *uimhir aitheantais, nó cineál agus uimhir dhoiciméid aitheantais an duine, lena n-áirítear doiciméid taistil, chomh maith le hainm an údaráis eisiúna;*

(b) *i mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*

‘(c) **█** bratach lena léirítear, *chun críche Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (CE) 2018/1240*, gur ciontaíodh an *náisiúnach tríú tír* lena mbaineann, *le linn na 25 bliana a chuaigh thart*, i gcion sceimhlitheoireachta nó, *le linn na 15 bliana a chuaigh thart*, in aon chion **█** coiriúil eile *arna liostú san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1240 i gcás ina bhfuil na cionta coiriúla sin inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse trí bliana ar a laghad*, agus cód an Bhallstáit chiontaithigh nó na mBallstát ciontaitheach sna cásanna sin.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘7. Ní bheidh bratacha agus cód an Bhallstáit chiontaithigh nó na mBallstát ciontaitheach dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo inrochtana agus inchoardaithe ach amháin ag:

(a) Lárchóras VIS chun críche na bhfíoraithe de bhun Airteagal 7a den Rialachán seo i gcomhar le pointe (e) d’Airteagal 9a(4) nó pointe (e) d’Airteagal 22b(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

(b) Lárchóras ETIAS chun críche na bhfíoraithe de bhun Airteagal 7a den Rialachán seo i gcomhar le pointe (n) den dara fomhír d’Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2018/1240 i gcás ina sainaitheofar amais tar éis na huathphróiseála dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán sin.

Gan dochar don chéad fhomhír, ní bheidh bratacha agus cód an Bhallstáit chiontaithigh nó na mBallstát ciontaitheach dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 infheicthe ag aon údarás seachas údarás lárnach an Bhallstáit chiontaithigh a chruthaigh an tairfead a bhfuil bratach leis.’;

(5) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. I gcás amais, cuirfidh an **Lárchóras** [nó CIR] faisnéis ar fáil go huathoibríoch don údarás inniúil ■ faoi na Ballstáit ag a bhfuil faisnéis ar thaifid choiriúla náisiúnach tríú tír, mar aon leis an uimhir thagartha ghaolmhar nó na **huimhreacha** tagartha gaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus aon fhaisnéis chéannachta chomhfhreagrach. Ní úsáidfear an fhaisnéis chéannachta sin ach amháin chun céannacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann **a fhíorú**. Ní fhéadfar úsáid a bhaint as toradh cuardaigh sa **lárchóras** ach amháin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) iarraidh a dhéanamh de réir Airteagal 6 de Chinneadh Réime 2009/315/CGB;
- (b) iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 17(3) den Rialachán seo a dhéanamh;
- (c) *chun a mheas an mbeadh an t-iarratasóir ar víosa, ar víosa fadfhanachta nó ar chead cónaithe ina bhagairt don bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008; nó*
- (d) *chun tacú le cuspóir ETIAS cur le hardleibhéal slándála.*’;

(6) i gCaibidil II, cuirtear an t-airteagal seo a leanas leis:

‘Airteagal 7b

Córas ECRIS-TCN a úsáid le haghaidh fhíoruithe ETIAS

1. Beidh de cheart ag Láraonad ETIAS, arna bhunú *de bhun* Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240, chun críche *na* cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240 a chur i gcrích, sonraí ECRIS-TCN in **■** CIR **■** a rochtain agus a chuardach. Ní bheidh rochtain aige, áfach, *i gcomhréir le hAirteagal 11(8) den Rialachán sin*, ach amháin ar thaifid sonraí a bhfuil bratach curtha leo i gcomhréir *le pointe (c) d’Airteagal 5(1) ■* den Rialachán seo.

Ní fhéadfar na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a úsáid ach amháin chun críche an fhíoraithe a leanas ag:

- (a) *Lárionad ETIAS de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2018/1240; nó*

(b) Aonaid Náisiúnta ETIAS de bhun Airteagal 25a(2) de Rialachán (AE) 2018/1240 chun críche taifid choiriúla náisiúnta a cheadú; ceadófar taifid choiriúla náisiúnta sula ndéanfar an measúnú agus an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2018/1240 agus, i gcás inarb infheidhme, sula ndéanfar an measúnú agus sular dtabharfar an tuairim dá dtagraítear in Airteagal 28 den Rialachán sin;

2. Beidh **■** CIR **■** nasctha le *ESP* chun an uathphróiseáil dá dtagraítear in **■** Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2018/1240 a chumasú.
3. Gan dochar d'Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240, leis an uathphróiseáil dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240 cumasófar na fíoruithe dá bhforáiltear in Airteagal 20 agus na fíoruithe a dhéanfar dá éis sin dá dtagraítear in Airteagal 22 agus Airteagal 26 den Rialachán sin.

Chun críche leanúint ar aghaidh leis na fíoruithe a dhéanamh dá dtagraítear i **bpointe (n) d’Airteagal 20(2)** de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240, bainfidh Lárchóras ETIAS úsáid as **ESP** chun na sonraí in ETIAS a chur i gcomparáid leis na sonraí arna sonrú in ECRIS-TCN in CIR , de bhun phointe (c) d’Airteagal 5(1) den Rialachán seo agus i gcomhréir le hAirteagal 11(8) de Rialachán 2018/1240, agus na comhfhreagrachtaí a liostaítear sa tábla in Iarscríbhinn II á n-úsáid aige.’;

(7) In Airteagal 8, *cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

‘3. Sciosfar na bratacha dá dtagraítear i pointe (c) d’Airteagal 5(1) go huathoibríoch nuair a bheidh an tréimhse choinneála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo imithe in éag nó ar a dhéanaí, 25 bliana tar éis an bhratach a chruthú, a mhéid a bhaineann le ciontuithe a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta, agus 15 bliana tar éis an bhratach a chruthú, a mhéid a bhaineann le ciontuithe a bhaineann le cionta coiriúla tromchúiseacha eile.’;

(8) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Na sonraí a chuirtear isteach sa Lárchóras ■ agus in CIR ■, is chun *críoch* an mhéid seo a leanas amháin a phróiseálfar iad:

(a) *na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír;*

(b) *tacú le cuspóir VIS chun a mheas an mbeadh an t-iarratasóir ar víosa, ar víosa fadfhanachta nó ar chead cónaithe ina bhagairt don bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;*

(c) *tacú le cuspóir ETIAS cur le hardleibhéal slándála.*

Déanfar na sonraí a iontráiltear in CIR a phróiseáil freisin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/818 chun ceart-sainaithint daoine atá cláraithe in ECRIS-TCN a éascú agus chun cuidiú le ceart-sainaithint na ndaoine sin i gcomhréir leis an Rialachán seo.’;

(9) *cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:*

‘Airteagal 31b

Logaí a choinneáil chun críche na hidir-inoibritheachta le ETIAS

I dtaca leis na ceaduithe a liostaítear in Airteagal 7b den Rialachán seo, coinneofar log ar gach oibríocht próiseála sonraí ECRIS-TCN a rinneadh laistigh de ■ CIR ■ agus ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 69 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1240.’;

(10) in Airteagal 32(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

*‘Gach mí cuirfidh eu-LISA staitisticí faoi bhráid an Choimisiúin ■ a bhaineann le taifeadadh, stóráil agus malartú faisnéise a bhaintear as taifid choiriúla tríd an gcóras ECRIS-TCN agus trí na bogearraí tagartha do chur chun feidhme ECRIS, lena n-áirítear na taifid sonraí a bhfuil bratach ceangailte leo i gcomhréir le **pointe (c) d’Airteagal 5(1) ■**. déanfaidh eu-LISA a áirithiú nach féidir daoine aonair a shainaithint ar bhonn na staitisticí sin. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh eu-LISA ar fáil dó staidreamh maidir le gnéithe sonracha a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo.’;*

(11) Cuirtear an iarscríbhinn seo a leanas isteach:

‘Iarscríbhinn II

Tábla de na comhfhreagrais dá dtagraítear in Airteagal 7b

Sonraí Airteagal 17(2) de Rialachán 2018/1240 arna seoladh ag Lárchóras ETIAS	Sonraí ECRIS-TCN atá <i>comhfhreagrach</i> agus dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán seo in CIR, <i>a mbeidh sonraí in ETIAS le seiceáil ina leith</i>
sloinne (ainm teaghlaigh)	sloinne (ainm teaghlaigh)
sloinne breithe	ainm (ainmneacha) a bhí ar an duine roimhe seo
céadainm (céadainmneacha) (ainm (ainmneacha) baiste)	céadainm (céadainmneacha) (ainm (ainmneacha) baiste)
ainmneacha eile (ainm bréige/ainmneacha bréige, ainm ealaíonta/ainmneacha ealaíonta, gnáthainm/gnáthainmneacha)	ainm (ainmneacha) bréige agus/nó ainm (ainmneacha) ailias
dáta breithe	dáta breithe
áit bhreithe;	áit bhreithe (baile agus tír)

tír bhreithe	áit bhreithe (baile agus tír)
inscne	inscne
náisiúntacht i láthair na huaire	náisiúntacht nó náisiúntachtaí
náisiúntachtaí eile (más ann dóibh)	náisiúntacht nó náisiúntachtaí
an cineál doiciméid taistil	catagóir dhoiciméid <i>taistil</i> an duine
uimhir an doiciméid taistil	líon na ndoiciméad <i>taistil</i> atá ag an duine
tír eisiúna an doiciméid taistil	sonraí an údaráis eisiúna

■ ?

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/818

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 mar a leanas:

(1) in Airteagal 18, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1b. Chun críche Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2018/1240, stórálfaidh CIR, agus iad scartha ó thaobh na loighce de ó na sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na sonraí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2019/816. Ní bheidh na sonraí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2019/816 inrochtana ach amháin ar an mbealach dá dtagraítear in Airteagal 5(7) den Rialachán sin.’;

(2) in Airteagal 68, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1b. Gan dochar do mhír 1, chun críocha uathphróiseáil Airteagal 20, Airteagal 23, pointe (c)(ii) d’Airteagal 24(6), Airteagal 41 agus pointe (b) d’Airteagal 54(1) de Rialachán (AE) 2018/1240, cuirfidh ESP tús le hoibríochtaí, a bheidh teoranta do na críocha sin, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 88 de Rialachán (AE) 2018/1240.’.

Airteagal 3
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

■

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 maidir leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh chun críoche an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil	
Tagairtí	COM(2019)0003 – C9-0090/2021 – 2019/0001B(COD)	
Dáta tíolactha chun PE	7.1.2019	
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 8.3.2021	
Coistí ar iarradh tuairim orthu Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AFET 8.3.2021	TRAN 8.3.2021
Gan tuairimí a thabhairt Dáta an chinnidh	AFET 25.3.2021	TRAN 21.1.2019
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Jeroen Lenaers 8.3.2021	
Dáta arna glacadh	7.12.2020	
Toradh na vótála chríochnaithe	+: 55 –: 9 0: 0	
Na comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Katarina Barley, Fernando Barrena Arza, Pietro Bartolo, Nicolas Bay, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Anna Júlia Donáth, Lena Düpont, Cornelia Ernst, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Peter Kofod, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Nuno Melo, Roberta Metsola, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Nicola Procaccini, Emil Radev, Paulo Rangel, Ralf Seekatz, Michal Šimečka, Birgit Sippel, Martin Sonneborn, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Bettina Vollath, Javier Zarzalejos	
Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Delara Burkhardt, Leopoldo López Gil, Kostas Papadakis, Anne-Sophie Pelletier, Rob Rooker, Domènec Ruiz Devesa, Hilde Vautmans, Petar Vitanov	
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andor Deli, Lívía Járóka	
Dáta don chur síos	30.3.2021	

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACHL SA CHOISTE FREAGRACH

55	+
EPP	Magdalena ADAMOWICZ, Vladimír BILČÍK, Vasile BLAGA, Ioan-Rareş BOGDAN, Andor DELI, Lena DÚPONT, Andrzej HALICKI, Livia JÁRÓKA, Jeroen LENAERS, Leopoldo LÓPEZ GIL, Nuno MELO, Roberta METSOLA, Nadine MORANO, Emil RADEV, Paulo RANGEL, Ralf SEEKATZ, Tomas TOBÉ, Javier ZARZALEJOS
S&D	Katarina BARLEY, Pietro BARTOLO, Delara BURKHARDT, Maria GRAPINI, Sylvie GUILLAUME, Evin INCIR, Marina KALJURAND, Łukasz KOHUT, Juan Fernando LÓPEZ AGUILAR, Javier MORENO SÁNCHEZ, Domènec RUIZ DEVESA, Birgit SIPPEL, Petar VITANOV, Bettina VOLLATH
RENEW	Malik AZMANI, Anna Júlia DONÁTH, Sophia in 't VELD, Fabienne KELLER, Moritz KÖRNER, Maite PAGAZAURTUNDÚA, Michal ŠIMEČKA, Ramona STRUGARIU, Hilde VAUTMANS
ID	Nicolas BAY, Nicolaus FEST, Jean-Paul GARRAUD, Peter KOFOD, Annalisa TARDINO, Tom VANDENDRIESSCHE
GREENS/EFA	Alice KUHNKE
ECR	Jorge BUXADÉ VILLALBA, Patryk JAKI, Assita KANKO, Nicola PROCACCINI, Rob ROOKEN
NI	Martin SONNEBORN, Milan UHRÍK
9	-
GREENS/EFA	Patrick BREYER, Saskia BRICMONT, Damien CARÊME, Tineke STRIK
THE LEFT	Konstantinos ARVANITIS, Fernando BARRENA ARZA, Cornelia ERNST, Anne-Sophie PELLETIER
NI	Kostas PAPADAKIS
0	0

Eochair do na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh